




European
Commission



An 5ú Cruinniú Mullaigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir (EaP) sa Bhrúiséal

Miotais faoi Chomhpháirtíocht an Oirthir



MIOTAS 1

Gheofar ballraíocht san Aontas má táthar rannpháirteach i gComhpháirtíocht an Oirthir

MÍCHEART: Ní próiseas le haghaidh aontachas leis an Aontas í Comhpháirtíocht an Oirthir. Tá sé mar aidhm léi limistéar comhchoiteann a bhunú lena gcuimseofaí, ar bhonn comhroinnte, an daonlathas, an rathúnas, an chobhsaíocht agus comhar méadaithe. Le Comhpháirtíocht an Oirthir, cuirtear creat cuimsitheach ar fáil do Bhallstáit an Aontais Eorpach, móide an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive, agus an Úcráin, chun dul i gcomhar le chéile maidir leis an méid seo a leanas go háirithe: (1) forbairt eacnamaíoch agus deiseanna margaidh; (2) institiúidí agus an dea-rialachas a neartú; (3) nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an comhshaol agus an t-athrú aeráide; agus (4) soghluaisteacht agus teagmhálacha idir daoine. Tá sé de shaoirse ag gach tír na spriocanna agus an leibhéal uailmhéine atá uaithe a roghnú sa chaidreamh a bhíonn aici leis an Aontas Eorpach.

MIOTAS 2

Thionscain an tAontas Comhpháirtíocht an Oirthir chun an Rúis a shaighdeadh

MÍCHEART: Ní théitear i gcoinne tír ar bith le Comhpháirtíocht an Oirthir; is ardán í an Chomhpháirtíocht atá tairbheach agus cuiditheach, ar bhonn frithpháirteach, do thíortha sa réigiún ar mhaithe le caidreamh níos dlúithe a fhorbairt leis an Aontas, más é sin atá uathu. Ní éilíonn an tAontas gur gá d'aon chomhpháirtí dá chuid rogha a dhéanamh idir an tAontas nó tír ar bith eile. Táimid ar son an dea-chaidrimh chomharsanúil. Tá meas ag Comhpháirtíocht an Oirthir ar thoilmhianta agus ar uailmhian aonair gach tíre comhpháirtíochta.



MIOTAS 3

Cothaíonn Comhpháirtíocht an Oirthir an díchobhsaíocht nó athrú réimis

MÍCHEART: Le clár oibre claochlaitheach Chomhpháirtíocht an Oirthir féachtar le hathrú dearfach a dhéanamh ar shaol shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir. Ceann de na príomhbhealaí chun é sin a bhaint amach is ea trí rialacha daonlathacha agus prionsabail dhaonlathacha a leabú agus a spreagadh sna tíortha sin. Ní fhorchuireann an tAontas aon ghníomhaíocht nó aon chlár ar na tíortha comhpháirtíochta. Tá sé mar aidhm fhoriomlán leis an gcomhar limistéar comhchoiteann a bhunú lena gcuimseofaí, ar bhonn comhroinnte, an daonlathas, an rathúnas agus an chobhsaíocht i gcomhréir le toilmhianta gach tíre aonair.

MIOTAS 4

Cuirtear brú ar na comhpháirtithe glacadh le clár oibre Chomhpháirtíocht an Oirthir in éadan a dtola

MÍCHEART: Tá Comhpháirtíocht an Oirthir ina tionscnamh comhpháirteach de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid na sé cinn de tíortha comhpháirtíochta. Níor cuireadh aon iachall ar aon tír glacadh léi agus tá rogha acu maidir le leibhéal a rannpháirtíochta agus a n-uaimhíne. Ní chuireann an tAontas iachall ar na tíortha comhpháirtíochta glacadh le haon chlár oibre don athchóiriú ná le haon luachanna ar leith. A mhalairt atá fíor i ndáiríre. Is iad na tíortha comhpháirtíochta a roghnaíonn teacht i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Déantar é sin trí, mar shampla, struchtúir rialachais thrédhearcacha, chuntasacha a ghlacadh agus trí chaighdeáin tionscail a chomhchuíbhíú le go mbaintear tairbhe as deiseanna frithpháirteacha trádála.

MIOTAS 5

Tá airgead de chuid an Aontais á chailleadh de dheasca éillithe

MÍCHEART: Bíonn cistí de chuid an Aontais faoi réir nósanna imeachta diana faireacháin agus tuairiscithe. Thairis sin, is é an gnáthdhuine is mó a bhíonn thíos leis an éilliú agus is é sin an fáth a bhfuil an comhrac i gcoinne an éillithe ar cheann de na príomhthosaíochtaí a dtacaíonn an tAontaléi: athchóiriú ar na breithiúna; athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha; feabhas foriomlán a chur ar an timpeallacht ghnó, agus athchóiriú ar an riarachán poiblí. Is chun leas shaoránaigh an Aontais agus shaoránaigh na dtíortha comhpháirtíochta é tacú leis na hathchóirithe sin, a bhfuil sé mar aidhm leo córas cothrom, a mbeadh seiceálacha agus cothromaíochtaí ag gabháil leis, a bhunú.

MIOTAS 6

Tá mórimirce ann anois ó na tíortha sin chuig an Aontas Eorpach, mar thoradh ar Chomhpháirtíocht an Oirthir

MÍCHEART: Tá comhaontaithe i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach leis an tSeoirsia, le Poblacht na Moldóive agus



leis an Úcráin lena gceadaítear dá saoránaigh siúd a bhfuil pasanna bithmhéadracha acu taisteal chuig limistéar Schengen gan víosa ar feadh 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Is féidir leo teacht mar thurasóirí, chun cuairt a thabhairt ar ghaolta nó ar chairde, nó chun críocha gnó, ach ní féidir leo teacht chun glacadh le hobair. Tá comhaontuithe um éisiúint víosaí a éascú, i bhfeidhm leis an Airméin agus leis an Asarbaiseáin faoina mbíonn víosa fós ag teastáil, ach is lú anois an t-ualach riaracháin dá saoránaigh chun taisteal go dtí Limistéar Schengen. Tá comhaontuithe um athligeran isteach ag gabháil leis na comhaontaithe sin, lena mbunaítear na nósanna imeachta maidir le himircigh neamhdhleathacha a fhilleadh ar a dtíortha féin, lena n-áirítear na himircigh sin a bhfuil baint acu le gníomhaíocht choiriúil. Déantar seiceálacha córasacha i mbunachair sonraí ábhartha ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais, chun a fhíorú nach bagairt don ord poiblí iad, don tslándáil inmheánach ná don tsláinte phoiblí. Ar na bunachair sonraí sin, áirítear Córas Faisnéise Schengen agus bunachair sonraí Interpol faoi dhoiciméid taistil a ghoidtear agus a chailltear. Tá tionscadal á stiúradh ag Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, lena bhféachtar leis an mbainistiú teorainneacha a neartú sna sé cinn de tíortha comhpháirtíochta. Cuirtear oiliúint shaincheaptha ar fáil do na húdaráis ábhartha chun cuidiú leo an tslándáil a fheabhsú, daoine leochaileacha a chosaint (e.g. lucht iarrtha tearmainn, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine), an choireacht trasteorann a chosc agus an t-éilliú a laghdú.

MIOTAS 7

Leis an tsaorthrádáil, réitítear an chonair don iomaíocht neamhchothrom ó tháirgí na dtíortha comhpháirtíochta ar mhargadh an Aontais agus do lucht saothair níos saoire

MÍCHEART: Téann an caidreamh trádála idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta chun tairbhe an dá thaobh. Bíonn margaí agus tomhaltóirí nua ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha i dtíortha Chomhpháirtíochta an Oirthir agus is fearr freisin rogha, cáilíocht agus sábháilteacht na dtáirgí a chuirtear ar fáil do shaoránaigh na Seoirsia, na Moldóive agus na hÚcráine de bharr na limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála leis na tíortha sin, a bhfuil le caighdeán níos fearr i gcosaint na dtomhaltóirí. Tá méadú faoi dhó, beagnach, tagtha ar easpórtálacha an Aontais chuig na sé cinn de tíortha comhpháirtíochta, ó EUR 16.3 billiún in 2004 go EUR 30 billiún in 2016. Tá cuma iontach maith, freisin, ar na figiúirí don chéad ocht mí de 2017; léiríonn siad fás soiléir sa trádáil dhéthaobhach i ngach ceann de na sé thír. Tá rialuithe custaim ag teorainneacha seachtracha an Aontais, rud a chiallaíonn go gcaithfidh táirgí allmhairithe caighdeán agus ceanglais an Aontais a chomhlíonadh i gcónaí. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh i gcás ina ndéanfaidh tionscal atá bunaithe san Aontas gearán faoin damáiste a dhéantar trí chleachtais éagóraacha amhail dumpáil nó fóirdheontais.

MIOTAS 8

Trí Chomhpháirtíocht an Oirthir comhoibríonn an tAontas le ceannairí nach n-urramaíonn an daonlathas ná cearta an duine

MÍCHEART: Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar phrionsabal an daonlathais agus ar phrionsabal na hurraime do chearta an duine. Creideann sé go láidir sna luachanna sin agus déanann sé iad a chosaint, laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh dá theorainneacha. Breisluch Chomhpháirtíocht an Oirthir é go gcuireann sé ardán ar



fáil do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus do na sé cinn de tíortha comhpháirtíochta chun teacht le chéile agus taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt. Tá rialachas níos treise, lena n-áirítear institiúidí agus an dea-rialachas a neartú, ar cheann de réimsí tosaíochta Chomhpháirtíocht an Oirthir. Lasmuigh de chreat iltaobhach Chomhpháirtíocht an Oirthir, bíonn caidreamh láidir déthaobhach ag an Aontas Eorpach freisin, le gach ceann de na tíortha aonair, agus tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an daonlathas agus le cearta an duine in idirphlé bliantúil tiomnaithe.

MIOTAS 9

Má tá tír ina ball de Chomhpháirtíocht an Oirthir, ní féidir léi a bheith ina ball den Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach

MÍCHEART: Is féidir le tír a bheith ina ball den Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach agus a bheith rannpháirteach i gComhpháirtíocht an Oirthir. Tá an Airméin agus an Bhealarúis, mar shampla, rannpháirteach sa dá cheann. Tacaíonn an tAontas leis an lánpháirtiú réigiúnach i ngach limistéar ar domhain. Ach tá a thacaíocht bunaithe ar rogha saor na dtíortha rannpháirteacha agus ar an urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an urraim do theorainneacha idirnáisiúnta. A mhéid a bhaineann le comhar an Aontais Eorpaigh féin leis an Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach, féadfar rannpháirtíocht a shaothrú má chinneann Ballstáit an Aontais é sin a dhéanamh, agus sioncronú á dhéanamh le cur chun feidhme chomhaontuithe Mhionsc.

MIOTAS 10

Ní bhaineann saoránaigh an Aontais tairbhe as Comhpháirtíocht an Oirthir

MÍCHEART: Tá sé bunriachtanach do chobhsaíocht, do shlándáil, agus do rathúnas féin an Aontais tíortha seasta, slána, rathúla a bheith ann i gcomharsanacht an Aontais, rud a théann chun tairbhe shaoránaigh an Aontais ar bhealach díreach. Is é is cuspóir do Chomhpháirtíocht an Oirthir limistéar comhchoiteann a bhunú a bhfuil na cáilíochtaí sin aige. Thairis sin, bíonn margaí agus tomhaltóirí nua ar fáil, don dá thaobh, do ghnólachtaí mar thoradh ar Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe trí chomhaontuithe comhlachais a shíniú, lena n-áirítear limistéir dhoimhne chuimsitheacha shaorthrádála. Faoi na comhaontuithe sin, déantar tásca geografacha agus maoin intleachtúil shaoránaigh, ghnólachtaí agus réigiúin an Aontais a chosaint. Tairbhí eile atá ag gabháil le Comhpháirtíocht an Oirthir agus le dlúthchaidreamh lenár gcomharsana san oirthear is ea an méadú ar an turasóireacht agus ar na deiseanna chun malartuithe a dhéanamh, go háirithe do dhaoine óga (e.g. [clár Erasmus+](#), [fóram na n-óg de chuid chomhpháirtíocht an oirthir](#)). Tacaíonn an tAontas Eorpach le meáin neamhspleácha i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir freisin toisc go bhfuil sé rithábachtach, ó thaobh cúrsaí daonlathais, go mbeadh timpeallacht chriticiúil, shaor ann do na meáin, rud a chuireann an chobhsaíocht chun cinn i gcomharsanacht an Aontais freisin.

[Learn more about the 5th Eastern Partnership summit](#)

